Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11656/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0263 (NLE)**

**ACP 108**
**WTO 236**
**COASI 115**
**RELEX 727**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón, agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo |

**CINNEADH (AE) 2020/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón, agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Meitheamh 2002, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht i leith comhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche le Grúpa Stát na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (ACC).

(2) An Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile[1] (an "Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach"), lena mbunaítear creat do chomhaontú comhpháirtíochta eacnamaíche, comhaontú a síníodh i Londain an 30 Iúil 2009 agus i gCóbanhávan an 11 Nollaig 2009. Tá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach á chur i bhfeidhm go sealadach idir an tAontas agus Nua-Ghuine Phapua ó bhí an 20 Nollaig 2009 ann agus idir an tAontas, an Nua-Ghuine Phapua agus Fidsí ó bhí an 28 Iúil 2014 ann.

---

[1] IO L 272, 16.10.2009, lch. 2.

(3) Foráiltear le hAirteagal 80 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach maidir le haontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin. Trí bhíthin Cinntí (AE) 2018/1908[1] agus (AE) 2020/409[2], d'fhormheas an Chomhairle aontachas Shamó agus aontachas Oileáin Sholomón leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach. D'aontaigh Samó don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach an 21 Nollaig 2018 agus tá an Comhaontú sin á chur i bhfeidhm go sealadach aige ó bhí an 31 Nollaig 2018 ann. D'aontaigh Oileáin Sholomón don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach an 7 Bealtaine 2020 agus tá an Comhaontú sin á chur i bhfeidhm go sealadach acu ó bhí an 17 Bealtaine 2020 ann.

(4) Tar éis aontachas Shamó agus aontachas Oileáin Sholomón, ní mór, ar mhaithe leis an deimhneacht dhlíthiúil an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a leasú chun na tíortha sin a liostú mar Pháirtithe sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach. Is gá leasú comhchosúil a dhéanamh ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach gach uair a aontaíonn Oileánstát eile san Aigéan Ciúin don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach.

(5) Le hAirteagal 68 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, bunaítear Coiste Trádála a dhéileálfaidh leis na hábhair uile is gá chun an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a chur chun feidhme. Is iomchuí a thabhairt de chumhacht don Choiste Trádála cinneadh a dhéanamh faoi aon leasú ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach a d'fhéadfadh a bheith riachtanach tar éis aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin.

---

[1] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2018/1908 an 6 Nollaig 2018 maidir le haontachas Shamó leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 333, 28.12.2018, lch. 1.)

[2] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2020/409 an 17 Feabhra 2020 maidir haontachas Oileáin Sholomón leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile (IO L 85, 20.3.2020, lch. 1.)

(6) Trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/1707[1], chinn an Chomhairle ar an seasamh a bhí le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Trádála a mhéid a bhaineann leis na leasuithe riachtanacha, leasuithe a comhaontaíodh ag an seachtú cruinniú de chuid an Choiste Trádála a reáchtáladh an 4 Deireadh Fómhair 2019.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, an Comhaontú lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo a shíniú thar ceann an Aontais agus ba cheart é a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go mbeidh na nósanna imeachta a bhfuil gá leo chun go dtiocfadh sé i bhfeidhm curtha i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2019/1707 an 17 Meitheamh 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Choiste Trádála a bunaíodh faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le moladh maidir le leasuithe áirithe a dhéanamh ar an gComhaontú chun aontachas Shamó agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin amach anseo a chur san áireamh (IO L 260, 11.10.2019, lch. 45.)

*Airteagal 1*

Údaraítear, leis seo, síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe lena leasaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt amháin, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le haontachas Stát Neamhspleách Shamó, aontachas Oileáin Sholomón agus aontachas Oileánstát eile san Aigéan Ciúin ("an Comhaontú Leasaitheach") amach anseo, faoi réir thabhairt i gcrích an chomhaontaithe sin.[1+*]

*Airteagal 2*

Déantar Uachtarán na Comhairle a údarú leis seo an duine (nó na daoine) a cheapadh atá cumhachtaithe an Comhaontú Leasaitheach a shíniú thar ceann an Aontais.

---

**1** Foilsítear téacs an Chomhaontaithe Leasaithigh in ...[cuir isteach tagairt IO].

+ Toscaireachtaí: féach doiciméad ST11669/20.

* IO: Cuir an abairt Ghaeilge seo a leanas isteach, le do thoil, ar an leathanach den Iris Oifigiúil a chomhfhreagraíonn don leathanach ar a bhfoilseofar an Comhaontú sna leaganacha teanga eile: "Ní hann do théacs an Chomhaontaithe seo sa Ghaeilge".

*Airteagal 3*

I gcomhréir le hAirteagal 2 den Chomhaontú Leasaitheach, agus go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm, cuirfear an Comhaontú Leasaitheach i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 76(2) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach, 10 lá tar éis do na Páirtithe fógra i scríbhinn a thabhairt dá chéile maidir le críochnú na nósanna imeachta is gá chun na críche sin.

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 76(2) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach[1].

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle an dáta óna gcuirfear an Comhaontú Leasaitheach i bhfeidhm go sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.